AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2024
COM(2024) 535 final

2024/0295 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh agus i mBord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh (Vín, an Ostair, an 12 Nollaig 2024 agus an Aithin, an Ghréig, an 10 Nollaig 2024)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil le roinnt gníomhartha, a bhfuil sé beartaithe don chomhlacht seo iad a ghlacadh an 12 Nollaig 2024 ag a chruinniú i Vín na hOstaire. Roimh an gcruinniú sin, an 11 Nollaig 2024, tiocfaidh Buanghrúpa Ardleibhéil an Chomhphobail Fuinnimh le chéile, i Vín freisin, chun na míreanna a ghlacfaidh an Chomhairle Aireachta a phlé agus a fhormhuiniú.

Ina theannta sin, baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i mBord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh a bhfuiltear ag súil a ghlacfaidh le hathbhreithniú tábhachtach ar a Rialacha Nós Imeachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cinnteoireacht agus rialacha vótála. Tiocfaidh Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh le chéile an 10 Nollaig 2024 in Aithin, na Gréige.

Ar deireadh, áirítear leis an togra seo, mar fhaisnéis, roinnt míreanna a chuirtear ar chlár oibre na Comhairle Aireachta, nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Conradh an Chomhphobail Fuinnimh

Is é is aidhm do Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh[1] creat cobhsaí rialála agus margaidh chomh maith le spás aonair rialála le haghaidh trádáil i bhfuinneamh an líonra a chruthú trí na codanna comhaontaithe d'*acquis* an Aontais maidir le fuinneamh a chur chun feidhme sna Páirtithe neamh-AE. Tháinig Conradh an Chomhphobail Fuinnimh i bhfeidhm an 1 Iúil 2006. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí ann.[2] Tagraítear do na naoi bPáirtí neamh-AE mar 'Pháirtithe Conarthacha' i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh.

2.2. An Chomhairle Aireachta, an Buanghrúpa Ardleibhéil agus Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh

Áirithíonn an Chomhairle Aireachta go ndéanfar na cuspóirí a leagtar amach i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh a bhaint amach. Ar an gComhairle Aireachta tá ionadaí amháin ó gach Páirtí Conarthach agus beirt ionadaithe ón Aontas. De bhun Airteagal 47 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, soláthraíonn sí treoirlínte ginearálta beartais, déanann sí Bearta (Cinntí nó Moltaí) agus glacann sí Gníomhartha Nós Imeachta. Bíonn vóta amháin ag gach Páirtí agus gníomhaíonn an Chomhairle Aireachta de réir rialacha vótála éagsúla ag brath ar an ábhar. Tá an tAontas Eorpach ar cheann de na deich bPáirtí agus tá vóta amháin aige, i gcás inarb infheidhme, de réir an ábhair lena mbaineann. De bhun Airteagal 78 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ní fhéadfaidh an Chomhairle Aireachta gníomhú ach amháin má dhéantar ionadaíocht thar ceann dhá thrian de na Páirtithe. Ní áirítear staonadh i vóta mar vótaí a chaitear.

Is le vóta trí thromlach simplí a bheidh feidhm maidir leis na gníomhartha a liostaítear thíos faoi Roinn 2.3, pointe 1 (Airteagal 91(1)(a) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh). Is le vóta d'aon ghuth ó na Páirtithe uile a bheidh feidhm i ndáil leis na gníomhartha atá beartaithe a liostaítear thíos faoi Roinn 2.3. pointe 2 (Airteagal 32(3) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le díospóidí a réiteach faoi Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh). Tá feidhm ag tromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear, lena n-áirítear vóta

[1] IO L 198, an 20.7.2006, lch. 18.
[2] IO L 198, an 20.7.2006, lch. 15.

dearfach ón Aontas, maidir leis an ngníomh atá beartaithe faoi Roinn 2.3 pointe 3 (Airteagal 83 de Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le bunú agus cur chun feidhme an bhuiséid, na hiniúchóireachta agus na cigireachta; Airteagail 83, 86 agus 87 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh).

Is fochomhlacht de chuid na Comhairle Aireachta é an Buanghrúpa Ardleibhéil. De bhun Airteagal 53(a) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta, lena n-áirítear a clár oibre agus a gníomhartha atá le glacadh ag an gComhairle Aireachta. Sa Bhuanghrúpa Ardléibhéil tá ionadaí amháin ó gach Páirtí Conarthach agus beirt ionadaithe ón Aontas. Tá vóta amháin ag an Aontas Eorpach. De bhun Airteagal 78 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ní fhéadfaidh an Buanghrúpa Ardleibhéil gníomhú ach amháin má dhéantar ionadaíocht thar ceann dhá thrian de na Páirtithe. Ní áirítear staonadh i vóta mar vótaí a chaitear.

Is institiúid de chuid an Chomhphobail Fuinnimh é Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh. De bhun Airteagal 58 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, cuireann Bord Rialála an Chomhphobail Eorpaigh comhairle ar an gComhairle Aireachta nó ar an mBuanghrúpa Ardleibhéil maidir le sonraí faoi chúrsaí reachtúla, teicniúla agus rialála, eisíonn sé Moltaí i gcás díospóidí trasteorann idir rialtóirí, glacann sé Bearta, má chumhachtaíonn an Chomhairle Aireachta amhlaidh agus glacann sé Gníomhartha Nós Imeachta. Tá Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh comhdhéanta d'ionadaí amháin ó rialálaí fuinnimh gach Páirtí Chonarthaigh agus ón Aontas, a ndéanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar a cheann. A mhéid a bhaineann leis an nGníomh Nós Imeachta atá beartaithe faoi Roinn 2.3 thíos, gníomhaíonn Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh trí thromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear, lena n-áirítear vóta dearfach de chuid an Aontais (Airteagail 83 86 agus 87 de Chonradh an Chomhphobail Eorpaigh).

2.3. Gníomhartha beartaithe na Comhairle Aireachta agus Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh

An togra seo le haghaidh Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, baineann sé leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i leith na ngníomhartha seo a leanas atá beartaithe ag an **gComhairle Aireachta**, a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe:

Cinntí faoi Airteagal 91(1)(a) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh lena suitear gur ann do shárú ar Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh sna cásanna seo a leanas:

(a) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-5/24;

(b) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-6/24;

(c) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-7/24;

(d) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive[*] Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-8/24;

(e) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-9/24;

[*] Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

(f) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-10/21;

(g) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-11/24;

(h) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-12/24;

(i) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hÚcráine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-13/24.

(j) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-14/24;

(k) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-15/24;

(l) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-16/24;

(m) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-17/24;

(n) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-18/21;

(o) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-19/24;

(p) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-20/24;

(q) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-21/24;

(r) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-22/24;

(s) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-23/24;

(t) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-24/24;

(u) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-25/24;

(v) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-26/24;

(w) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-27/24;

(x) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-28/21;

(y) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-29/24;

(z) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-2/21.

Ceapadh Chomhaltaí an Choiste Chomhairligh i gcomhréir le hAirteagal 32 (3) de na rialacha faoi Ghníomh Nós Imeachta Uimh. 2008/01/MC-EnC maidir leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2015/04/MC-EnC;

2.1. Cinneadh 2024/XX/MC-EnC maidir le hUrscaoileadh Airgeadais Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh

An togra seo le haghaidh Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, baineann sé freisin leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i leith an ghnímh seo a leanas atá beartaithe ag **Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh**, a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe:

Gníomh Nós Imeachta 2024/01/ECRB-EnC lena leasaítear agus lena n-ionadaítear Gníomh Nós Imeachta 2007/01/ECRB-EnC lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha arna leasú.

Is é cuspóir na ngníomhartha atá beartaithe ag an gComhairle Aireachta agus ag Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh, go bunúsach, baint amach chuspóirí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh agus feidhmiú Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh agus Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh a áirithiú agus a éascú.

2.2. Míreanna eile ar chlár oibre na Comhairle Aireachta

Ar mhaithe le hiomláine, tugtar faoi deara, chomh maith leis na gníomhartha atá beartaithe a leagtar amach i Roinn 2.3., go mbeidh roinnt míreanna ar chlár oibre na Comhairle Aireachta, le vótáil ina leith, de bhun Airteagal 80 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ag na Páirtithe Conarthacha amháin:

(1) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le bunú liosta Tionscadal ar de leas an Chomhphobail Fuinnimh iad;

(2) Moladh R/2024/.../MC-EnC maidir le dlús a chur le himscaradh tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus cur chun feidhme bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.

Ina theannta sin, déanfaidh an Chomhairle Aireachta an méid seo a leanas:

(3) an Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chomhphobail Fuinnimh, arna cur faoina bhráid ag Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh de bhun Airteagal 67 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, a ghlacadh.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tacú le glacadh na míreanna sin.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

3.1. Cinntí faoi Airteagal 91(1)(a) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh lena suitear gur ann do shárú ar Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh sna cásanna seo a leanas:

De bhun Airteagal 91(1)(a) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, féadfaidh an Chomhairle Aireachta a chinneadh, trí thromlach simplí, gur ann do shárú ag Páirtí ar oibleagáidí a bhaineann le Teideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, maidir le gníomh arna ghlacadh ag comhlachtaí an Chomhphobail Fuinnimh a thrasuí agus/nó a chur

chun feidhme. Leagtar amach na nósanna imeachta um réiteach díospóidí i dTeideal III, Caibidil 1, agus Teideal IV, Caibidil 1 de na Rialacha Nós Imeachta maidir le réiteach díospóidí faoi Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh.[3]

(1) Cásanna a bhaineann le sáruithe ar oibleagáidí a bhaineann le Pacáiste an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Comhtháthú Leictreachais

Naoi ndréacht-Chinneadh a bhaineann le trasuí Phacáiste an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Comhtháthú Leictreachais[4] ag na naoi bPáirtí Chonarthacha uile, cuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta iad lena nglacadh:

(a) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-5/24;

(b) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-6/24;

(c) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-7/24;

(d) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-8/24;

(e) Cinneadh 2024/…/MC-EnC maidir le mainneachtain Phoblacht na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-9/24;

(f) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-10/21;

(g) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-11/24;

(h) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-12/24;

(i) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hÚcráine Conradh an Comhphobal Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-13/24;

Le Cinneadh 2021/13/MC-EnC an 30 Samhain 2021[5] agus Cinneadh 2022/03/MC-EnC an 15 Nollaig 2022[6], rinne an Chomhairle Aireachta pacáiste gníomhartha dlí a oiriúnú agus a ghlacadh sa Chomhphobal Fuinnimh ina bhfuil an *acquis* is déanaí de chuid an Aontais

---

3 Gníomh Nós Imeachta 2008/01/MC-EnC maidir leis na Rialacha Nós Imeachta i dtaca le réiteach díospóidí faoin gConradh arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2015/04/MC-EnC an 16 Deireadh Fómhair 2015 maidir le Gníomh Nós Imeachta 2008/01/MC-EnC an 27 Meitheamh 2008 maidir leis na Rialacha Nós Imeachta i dtaca le réiteach díospóidí faoin gConradh a leasú.

4 Treoir (AE) 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/941 mar aon le Rialachán (AE) 2019/942, Rialachán (AE) 2019/943, Rialachán (AE) 2015/1222, Rialachán (AE) 2016/1719, Rialachán (AE) 2017/2195, Rialachán (AE) 2017/2196, Rialachán (AE) 2017/1485.

5 Cinneadh 2021/13/MC-EnC an 30 Samhain 2021 lena n-oiriúnaítear agus lena nglactar Treoir (AE) 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/941.

6 Le Cinneadh 2022/03/MC-EnC an 15 Nollaig 202210, agus in Airteagail 3 go 10 de, rinneadh Rialachán (AE) 2019/942, 11 Rialachán (AE) 2019/943,12 mar aon leis na Cóid Ghréasáin agus na Treoirlínte maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach, leithdháileadh acmhainne agus bainistiú ar phlódú, cothromú leictreachais, oibriú an chórais agus an Cód Gréasáin um Athchóiriú Éigeandála, 13 agus rinneadh oiriúnú breise ar Threoir (AE) 2019/944 agus ar Rialachán (AE) 2019/941 (in Airteagal 11), le Cinntí 2021/13/MC-EnC agus 2022/03/MC-EnC leasaíodh freisin liosta na ngníomhartha a áirítear san *acquis communautaire* maidir le fuinneamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh.

Eorpaigh maidir leis an margadh leictreachais, dá ngairtear an Pacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais. I ndáil leis an bPacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais, ghlac an Chomhairle Aireachta freisin Gníomh Nós Imeachta 2022/01/MC-EnC maidir le cothú chomhtháthú réigiúnach an mhargaidh fuinnimh.

Is é is aidhm don Phacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais na margaí a chur in oiriúint chun aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtúil a bhaint amach agus soláthar leictreachais slán inacmhainne a áirithiú do na saoránaigh san am céanna. De bhun Airteagal 2 de Chinneadh 2021/13/MC-EnC ón gComhairle Aireachta agus Airteagal 2 de Chinneadh 2022/03/MC-EnC, bhí sé d'oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha an Pacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta faoin 31 Nollaig 2023.

An 22 Eanáir 2024, sheol Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Litreacha Tosaigh chuig na naoi bPáirtí Chonarthacha uile inar cuireadh in iúl dóibh go bhféadfaidh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh tús a chur le nósanna imeachta um réiteach díospóidí maidir le neamhchomhlíonadh Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, agus go háirithe na hoibleagáidí trasuite a eascraíonn as Cinntí 2021/13/MC-EnC agus 2022/03/MC-EnC.

An 31 Eanáir agus an 20 Feabhra 2024, chuir an tSeirbia, an Mholdóiv agus an Chosaiv*, faoi seach, Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ar an eolas faoi ullmhú gníomhartha dlí náisiúnta agus go raibh na gníomhartha sin fós á ndréachtú.

Ní bhfuair Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh aon fhreagra ón Albáin, ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ón tSeoirsia, ó Mhontainéagró, ón Macadóin Thuaidh ná ón Úcráin.

Ar an mbonn sin, chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, an 29 Bealtaine 2024, Iarrataí Réasúnaithe faoi bhráid na Comhairle Aireachta in aghaidh na hAlbáine i gCás ECS-5/24, na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gCás ECS-6/24, na Seoirsia i gCás ECS-7/24, na Cosaive* i gCás ECS-8/24, Phoblacht na Moldóive i gCás ECS-9/24, Mhontainéagró i gCás ECS-10/24, na Macadóine Thuaidh i gCás ECS-11/24, na Seirbia i gCás ECS-12/24 agus na hÚcráine i gCás ECS-13/24, inar tháinig sí ar an gconclúid nár chomhlíon na Páirtithe Conarthacha sin an oibleagáid na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun Cinntí 2021/13/MC-EnC agus 2022/03/MC-EnC a chomhlíonadh faoin 31 Nollaig 2023, de bhun Airteagal 2 de gach Cinneadh faoi seach.

I gcás gach ceann de na cásanna thuas, níor thug Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh a thuairim uaidh go fóill.

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta na dréacht-Chinntí a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh tuairim go tráthúil lena dtacaítear le cinntí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, i.e. roimh chruinniú na Comhairle Aireachta.

(2) Cásanna a bhaineann le sáruithe oibleagáidí a bhaineann le Treoir 2009/119/CE ón gComhairle

Cúig dréacht-Chinneadh a bhaineann le trasuí Threoir 2009/119/CE[7] ón gComhairle maidir le stoic ola ag cúig Pháirtí Chonarthacha, cuireadh faoi bhráid na Comhairle Aireachta iad lena nglacadh:

[7] Treoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil, IO L 265, 9.10.2009, lch. 9.

(a) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-14/24;

(b) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-15/24;

(c) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-16/24;

(d) Cinneadh 2024/…/MC-EnC maidir le mainneachtain Phoblacht na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-17/24;

(e) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-18/21.

Maidir leis na cásanna sin, in 2012 rinne an Comhphobal Fuinnimh Treoir 2009/119/CE ón gComhairle a ionchorprú ina *acquis communautaire* le Cinneadh 2012/03/MC-EnC ón gComhairle Aireachta lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil. De bhun Airteagal 1 de Chinneadh 2012/03/MC-EnC, bhí na Páirtithe Conarthacha faoi oibleagáid Treoir 2009/119/CE a thrasuí agus a chur chun feidhme faoin 1 Eanáir 2023.

Níor ghlac an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeoirsia, an Chosaiv*, Poblacht na Moldóive ná Montainéagró an reachtaíocht náisiúnta ba ghá chun Treoir 2009/119/CE a thrasuí roimh an sprioc-am sin.

An 2 Feabhra 2024, sheol Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Litreacha Tosaigh chuig na cúig Pháirtí Chonarthacha, inar cuireadh in iúl dóibh, in éagmais faisnéis lena gconspóidtear réamhchonclúidí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, go gcuirfeadh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Iarraidh Réasúnaithe faoi bhráid na Comhairle Aireachta maidir le mainneachtain na hoibleagáidí a eascraíonn as Cinneadh 2012/03/MC-EnC a chomhlíonadh.

Thug an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, an Mholdóiv agus an tSeoirsia freagra agus chuir siad Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ar an eolas faoina n-iarrachtaí leanúnacha maidir le trasuí. Mar sin féin, leis an bhfaisnéis a chuir na Páirtithe Conarthacha sin ar fáil, níor baineadh na hábhair imní a chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh in iúl ina litir an 2 Feabhra 2024. Níor thug an Chosaiv* aon fhreagra ar Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh.

Go dtí seo, ní bhfuair Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ach dréachtreachtaíocht ó Mhontainéagró agus ó Phoblacht na Moldóive.

Ar an mbonn sin, an 12 Iúil 2024 chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Iarrataí Réasúnaithe faoi bhráid na Comhairle Aireachta in aghaidh na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gCás ECS-14/24, na Seoirsia i gCás ECS-15/24, na Cosaive* i gCás ECS-16/24, Phoblacht na Moldóive i gCás ECS-17/24 agus Mhontainéagró i gCás ECS-18/24, inar tháinig sí ar an gconclúid nár ghlac na Páirtithe Conarthacha sin na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Cinneadh 2012/03/MC-EnC a chomhlíonadh.

I gcás gach ceann de na cásanna thuas, níor thug Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh a thuairim uaidh go fóill.

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta na dréacht-Chinntí a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh tuairim go tráthúil lena dtacaítear le cinntí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, i.e. roimh chruinniú na Comhairle Aireachta.

(3) Cásanna a bhaineann le sáruithe ar oibleagáidí a bhaineann le Rialachán (AE) 2017/1938 agus Rialachán (AE) 2022/1032

Ceithre dhréacht-Chinneadh a bhaineann le trasuí Rialachán (AE) 2017/1938[8] maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú ('Rialachán (AE) 2017/1938') agus Rialachán (AE) 2022/1032[9] lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis ('Rialachán (AE) 2022/1032'), faoi seach, ag ceithre Pháirtí Chonarthacha, cuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta iad lena nglacadh:

(a) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-19/24;

(b) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-20/24;

(c) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-21/24;

(d) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-22/24.

Le Cinneadh 2021/15/MC-EnC an 30 Samhain 2021, rinne an Chomhairle Aireachta Rialachán (AE) 2017/1938 a ionchorprú in *acquis communautaire* an Chomhphobail Fuinnimh. Tar éis an chogaidh fhoghaigh in aghaidh na hÚcráine, ghlac an tAontas Rialachán (AE) 2022/1032 a ionchorpraíodh ina dhiaidh sin in *acquis communautaire* an Chomhphobail Fuinnimh le Cinneadh 2022/01/MC-EnC ón gComhairle Aireachta an 30 Meán Fómhair 2022. Cothaítear leis an dá Rialachán slándáil an tsoláthair sa Chomhphobal Fuinnimh, atá ar cheann de phríomhchuspóirí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh.

De bhun Airteagail 2(1) agus 2(2) de Chinntí 2021/15/MC-EnC agus 2022/01/MC-EnC ón gComhairle Aireachta, bhí sé d'oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a thabhairt i bhfeidhm chun Rialachán (AE) 2017/1938 arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1032 a chomhlíonadh agus Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a chur ar an eolas faoin 1 Deireadh Fómhair 2022.

Níor ghlac an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh ná an tSeirbia roimh an sprioc-am sin na bearta náisiúnta is gá lena dtrasuitear Rialachán (AE) 2017/1938 arna leasú.

Ní raibh sé d'oibleagáid ar an tSeoirsia Rialachán (AE) 2022/1032 a thrasuí faoin sprioc-am sin, toisc nach bhfuil sé nasctha go díreach le córas gáis idirnasctha aon Pháirtí Chonarthaigh eile. Níor ghlac sí, áfach, na gníomhartha náisiúnta is gá i gcás Rialachán (AE) 2017/1938.

An 3 Feabhra 2023, tharchuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh measúnú mionsonraithe chuig an tSeirbia ar na leasuithe reachtacha náisiúnta is gá chun an oibleagáid Rialachán (AE) 2017/1938 arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1032 a thrasuí a chomhlíonadh. Ina dhiaidh sin, tharchuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh litir eile dar dáta an 4 Deireadh Fómhair 2023.

---

[8] Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun cinnteacht an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010, IO L 280, 28.10.2017, lch. 1.

[9] Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis, IO L 173, 30.6.2022, lch. 17.

An 28 Bealtaine 2024, chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh in iúl don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, don tSeoirsia agus don Mhacadóin Thuaidh le litir nár chomhlíon siad go fóill, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ag an am, an ceanglas maidir le Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair arna leasú leis an Rialachán maidir le Stóráil a thrasuí.

Thairis sin, ní bhfuair Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh aon fhaisnéis ó na ceithre Pháirtí Chonarthacha thuas gur ghlac siad na bearta ba ghá chun na Rialacháin faoi seach a chomhlíonadh.

Ar an mbonn sin, chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, an 12 Iúil 2024, Iarrataí Réasúnaithe faoi bhráid na Comhairle Aireachta in aghaidh na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gCás ECS-19/24, na Seoirsia i gCás ECS-20/24, na Macadóine Thuaidh i gCás ECS-21/24 agus na Seirbia i gCás ECS-22/24, inar tháinig sí ar an gconclúid nár chomhlíon na Páirtithe Conarthacha sin an oibleagáid na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a chur ar an eolas dá réir sin.

I gcás gach ceann de na cásanna thuas, níor thug Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh a thuairim uaidh go fóill.

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta na dréacht-Chinntí a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh tuairim go tráthúil lena dtacaítear le cinntí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, i.e. roimh chruinniú na Comhairle Aireachta.

(4) Cásanna a bhaineann le sáruithe oibleagáidí faoi Threoir (AE) 2004/2018

Seacht ndréacht-Chinneadh a bhaineann le trasuí Threoir (AE) 2018/2001[10] maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ag seacht bPáirtí Chonarthacha, cuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta iad lena nglacadh:

(a) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-23/24;

(b) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-24/24;

(c) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-25/24;

(d) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-26/24;

(e) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-27/24;

(f) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-28/21;

(g) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Comhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-29/24;

[10] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

Mar chuid den Phacáiste Fuinnimh Ghlain, ghlac an tAontas Eorpach Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (‘Treoir (AE) 2018/2001’), a leasaíodh ina dhiaidh sin ar leibhéal an Aontais. Rinneadh Treoir (AE) 2018/2001 a oiriúnú don Chomhphobal Fuinnimh agus a ghlacadh ann le Cinneadh 2021/14/MC-EnC ón gComhairle Aireachta an 30 Samhain 2021. Leasaíodh an Cinneadh sin ina dhiaidh sin le Cinneadh 2022/02/MC-EnC ón gComhairle Aireachta.

Le Cinneadh 2021/14/MC-EnC, foráladh go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a thabhairt i bhfeidhm chun Treoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh faoin 31 Nollaig 2022. Go háirithe, bhí na Páirtithe Conarthacha faoin oibleagáid forálacha na Treorach maidir leis an sciar íosta éigeantach 14 % d’fhuinneamh in-athnuaite laistigh den tomhaltas fuinnimh deiridh in earnáil an iompair a thrasuí ina reachtaíocht náisiúnta faoi 2030, lena n-áirítear forálacha i daca leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise, agus fógra a thabhairt do Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh faoi na bearta trasuite faoin spriocdháta an 31 Nollaig 2022.

Níl aon fhaisnéis faighte ag Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ón Albáin, ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ón tSeoirsia, ón gCosaiv*, ó Phoblacht na Moldóive, ó Mhontainéagró ná ón Macadóin Thuaidh lena dtugtar le fios gur ghlac na Páirtithe Conarthacha sin bearta náisiúnta agus gur chuir siad chun feidhme iad chun na hoibleagáidí sin faoi RED II a chomhlíonadh, ná níl aon fhaisnéis eile aici lena gcuirtear ar a cumas teacht ar chonclúid go ndearnadh na bearta sin.

Thairis sin, an 21 Meitheamh 2024, sheol Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh litreacha chuig na seacht bPáirtí Chonarthacha inar iarradh cóip den reachtaíocht lena dtrasuitear Airteagail 25 go 31 de RED II nó faisnéis maidir le stádas an trasuí sin a chur isteach tráth nach déanaí ná an 5 Iúil 2024.

Ina bhfreagraí, chuir an tSeoirsia, an Chosaiv*, Poblacht na Moldóive agus Montainéagró Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh ar an eolas faoina n-iarrachtaí leanúnacha maidir le trasuí. Ní bhfuair Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh freagra ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ón Albáin ná ón Macadóin Thuaidh.

Ar an mbonn sin, chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Iarrataí Réasúnaithe faoi bhráid na Comhairle Aireachta an 12 Iúil 2024 in aghaidh na hAlbáine i gCás ECS-23/24, na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gCás ECS-24/24, na Seoirsia i gCás ECS-25/24, na Cosaive* i gCás ECS-26/24, Phoblacht na Moldóive i gCás ECS-27/24, Mhontainéagró i gCás ECS-28/24 agus na Macadóine Thuaidh i gCás ECS-29/24, inar tháinig sí ar an gconclúid nár chomhlíon na Páirtithe Conarthacha sin an oibleagáid na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a chur ar an eolas faoi Chinneadh 2021/14/MC-EnC a chomhlíonadh laistigh den sprioc-am, de bhun Airteagal 2(1) agus (2) de.

I gcás gach ceann de na cásanna thuas, níor thug Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh a thuairim uaidh go fóill.

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta na dréacht-Chinntí a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh tuairim go tráthúil lena dtacaítear le cinntí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, i.e. roimh chruinniú na Comhairle Aireachta.

(5) Cás a bhaineann le sáruithe ar oibleagáidí a bhaineann le Treoir (AE) 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/943.

Ar deireadh, an dréacht-Chinneadh seo a leanas a bhaineann le neamhchomhlíonadh Threoir (AE) 2019/944 ag an tSeirbia maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas[11] agus Rialachán (AE) 2019/943[12] maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, cuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta é lena ghlacadh:

(a) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-2/21.

Mar a luaitear i bpointe 3.1 (1) thuas, rinne an Chomhairle Aireachta oiriúnú do Rialachán (AE) 2019/943 ón gComhphobal Fuinnimh ('Rialachán (AE) 2019/943') agus do Threoir (AE) 2019/944 ('Treoir (AE) 2019/944') agus ghlac sí iad le Cinneadh 2022/03/MC-EnC ón gComhairle Aireachta agus le Cinneadh 2021/13/MC-EnC ón gComhairle Aireachta mar chuid den Phacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais.

Foráiltear le hAirteagal 34(2) den Rialachán Leictreachais go ndéanfaidh Oibreoirí Córais Tarchuir ('OCTanna') leithdháileadh comhordaithe acmhainneachta trasteorann a chur chun cinn trí réitigh margadhbhunaithe neamh-idirdhealaitheacha, rud a éilíonn comhar inchiallaithe idir OCTanna comharsanacha. Áirítear leis sin teacht ar chomhaontú maidir le sásra chun Glan-Acmhainn an Aistrithe a chinneadh ag an teorainn. Sonraítear in Airteagal 16(4) go gcuirfear acmhainn uasta na n-idirnasc ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh trí bhíthin nósanna imeachta leithdháilte réamhshainithe.

Sonraítear in Airteagail 58(c) agus 59(1), b) agus u) den Treoir maidir le Leictreachas dualgas ar an údarás rialála náisiúnta gach beart réasúnta a dhéanamh chun deireadh a chur le srianta ar thrádáil leictreachais agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh OCTanna a n-oibleagáidí faoi dhlí an Chomhphobail Fuinnimh, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le saincheisteanna trasteorann.

An 18 Feabhra 2021, chuir KOSTT, OCT atá lonnaithe i bPristine/sa Chosaiv*, gearán in aghaidh na Seirbia faoi bhráid Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh. Líomhain an gearánach nár chomhlíon an tSeirbia rialacha mhargadh leictreachais an Chomhphobail Fuinnimh trína OCT JSC Elektromreza Srbije ('EMS').

De bhun Dhlí Fuinnimh na Seirbia, is é OCT a chinneann an nós imeachta agus an modh leithdháilte acmhainneachta trasteorann i gcomhaontú le OCTanna comharsanacha agus déanann an t-údarás rialála náisiúnta é a fhormheas. Ag na línte idirnaisc idir Niš agus Kosova B, agus idir Kruševac agus Podujeva, níor tháinig EMS agus KOSTT ar chomhaontú maidir le conas meastóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht trasteorann nó í a leithdháileadh, ná níor shann EMS aon luach don acmhainneacht idirnaisc atá ar fáil. Mar thoradh air sin, shocraigh EMS glanacmhainn an aistrithe ag nialas. Dá bhrí sin, ní féidir le rannpháirtithe sa mhargadh ach acmhainneacht le KOSTT a ainmniú, ach ní féidir leo sin a dhéanamh le EMS, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon acmhainneacht ar fáil go héifeachtach le haghaidh trádála.

Sa ghearán uaidh, d'áitigh KOSTT freisin go mbeadh praghsanna níos airde ann le haghaidh acmhainneacht trasteorann ar theorainneacha réigiúnacha eile mar thoradh ar ghlanacmhainní aistrithe neamhchinntithe agus ar an easpa leithdháilte acmhainneachta ar na línte idirnaisc a luaitear thuas. Dá réir sin, mhéadódh sé sin praghsanna leictreachais do thomhaltóirí deiridh sa Chosaiv* agus i dtíortha comharsanacha Oirdheisceart na hEorpa agus chuirfeadh sé cosc ar KOSTT ioncam féideartha a bhailiú ón sásra um bainistiú ar phlódú ar na hidirnascairí sin.

---

[11] Treoir 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE, IO L 158, 14.6.2019, lch. 125.

[12] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, IO L 158, 14.6.2019, lch. 54.

Chuir Cónaidhm Eorpach na dTrádálaithe Fuinnimh na hábhair chéanna imní in iúl agus chuir sí i dtábhacht go láidir go ndéanfadh an staid sin difear d'iomaíochas na margaí mórdhíola leictreachais agus do phraghsanna úsáideoirí deiridh ar fud Oirdheisceart na hEorpa.

An 21 Iúil 2022, sheol Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Litir Thosaigh chuig an tSeirbia inar thug sí a réamhthuairim, ós rud é nár cuireadh acmhainneacht leictreachais tráchtála ar fáil ag na línte idirnaisc a luaitear thuas mar gheall ar easpa gníomhaíochta a OCT agus a húdaráis rialála, nár chomhlíon an tSeirbia Airteagail 16(3) agus 12 de Rialachán (CE) 714/2009 agus Airteagail 36 agus 37 de Threoir 2009/72, arna hoiriúnú don Chomhphobal Fuinnimh agus arna glacadh ann. Ba iad na cúiseanna le tagairt a dhéanamh do Threoir agus Rialachán 2009 ná go raibh am fós ag na Páirtithe Conarthacha an tráth sin go dtí an 31 Nollaig 2023 chun Pacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais a thrasuí, agus go háirithe Treoir (AE) 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/943. Iarradh ar an tSeirbia a barúlacha a chur isteach maidir leis na pointí fíorais agus dlí a ardaíodh sa Litir Thosaigh.

An 8 Meán Fómhair 2022, thug an tSeirbia freagra ar Litir Thosaigh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh inar líomhnaíodh nach raibh inniúlacht ag Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a sainaithníodh sa Litir Thosaigh agus nach raibh éifeachtaí díobhálacha eacnamaíocha ann. Chuir sí in iúl freisin go raibh imní uirthi faoi stádas KOSTT agus a chrios tairisceana.

I bhfianaise an Fhreagartha ar an Litir Thosaigh, chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Tuairim Réasúnaithe isteach an 1 Márta 2023. Iarradh ar an tSeirbia na sáruithe a sainaithníodh ann a chur ina gceart faoin 1 Bealtaine 2023.

An 28 Aibreán 2023, thug an tSeirbia freagra ar an Tuairim Réasúnaithe. Sa fhreagra sin, d'athdhearbhaigh an tSeirbia go bunúsach na hargóintí a rinne sí roimhe sin.

Ós rud é nár cheartaigh an tSeirbia an sárú a sainaithníodh, agus in éagmais aon gníomhaíochta breise ón tSeirbia, chuir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh Iarraidh Réasúnaithe faoi bhráid na Comhairle Aireachta in aghaidh na Seirbia i gCás ECS-2/21 an 12 Iúil 2024. San Iarraidh Réasúnaithe sin, thug Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh aghaidh ar argóintí na Seirbia agus tháinig sí ar an gconclúid nár chomhlíon sí Treoir (AE) 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/943, arna n-oiriúnú don Chomhphobal Fuinnimh agus arna nglacadh ann le Cinneadh 2022/03/MC-EnC agus Cinneadh 2021/13/MC-EnC.

Níor thug Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh a thuairim uaidh go fóill.

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an dréacht-Chinneadh a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh tuairim go tráthúil lena dtacaítear le cinntí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, i.e. roimh chruinniú na Comhairle Aireachta.

3.2. Comhaltaí an Choiste Chomhairligh i gcomhréir le hAirteagal 32(3) de na rialacha faoi Ghníomh Nós Imeachta Uimh. 2008/01/MC-EnC maidir leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí arna leasú le Gníomh Nós Imeachta 2015/04/MC-EnC agus Gníomh Nós Imeachta 2022/03/MC-EnC

Ní mór sainorduithe roinnt comhaltaí reatha den Choiste Comhairleach a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2028, lena n-áirítear an tOllamh an Dr Verica Trstenjak a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Choiste Comhairleach. Ní mór comhaltaí nua agus comhaltaí malartacha nua a cheapadh in ionad comhaltaí ar mian leo deireadh a chur lena ngníomhaíocht mar chomhaltaí den Choiste Comhairleach.

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta formheas a dhéanamh ar na faduithe agus na ceapacháin atá beartaithe.

3.3. Cinneadh 2024/XX/MC-EnC maidir le hUrscaoileadh Airgeadais Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh

Déantar foráil sa dréacht-Chinneadh atá beartaithe maidir leis an urscaoileadh airgeadais le haghaidh 2023 ar bhonn na Tuarascála Iniúchóireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, ráiteas dearbhaithe na n-iniúchóirí agus Thuarascáil an Choiste um an mBuiséad.

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an dréacht-Chinneadh maidir le hUrscaoileadh Airgeadais Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas.

3.4. Gníomh Nós Imeachta 2024/01/ECRB-EnC lena leasaítear agus lena n-ionadaítear Gníomh Nós Imeachta 2019/01/ECRB-EnC maidir le Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh

Go bunúsach, is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe modhanna oibre Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh a fheabhsú agus a shoiléiriú, go háirithe maidir le heagrú inmheánach, meithleacha, sruthanna oibre agus módúlachtaí vótála.

Tá gá leis sin mar gheall ar róil rialála agus cumhachtaí cinnteoireachta nua Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh faoin bPacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais a d'eisigh an Comhphobal Fuinnimh le déanaí agus go háirithe Treoir (AE) 2019/944 maidir le Leictreachas agus Rialachán (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas (arna n-oiriúnú don Chomhphobal Fuinnimh agus arna nglacadh ann araon; féach go mion pointe 3.1. (1) thuas). Tá na róil agus na cumhachtaí sin cosúil le róil agus cumhachtaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('ACER') agus tá feidhm acu maidir leis na naoi bPáirtí Chonarthacha neamh-AE agus maidir leis na hoibreoirí margaidh ina gcríocha. Ag roinnt pointí, glacadh inspioráid ó Rialacha Nós Imeachta inmheánacha ACER

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta formheas a dhéanamh ar an nGníomh Nós Imeachta lena leasaítear agus lena n-ionadaítear an Gníomh Nós Imeachta maidir le Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[13].

[13] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is éard atá sa Chomhairle Aireachta agus Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh comhlachtaí a bunaíodh le comhaontú, is é sin Conradh an Chomhphobail Fuinnimh.

Na gníomhartha a n-iarrtar ar an gComhairle Aireachta agus ar Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh iad a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 76 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ar dá bhun a bheidh cinneadh ceangailteach ó thaobh dlí orthu siúd a ndíreofar chucu é, agus i gcomhréir le hAirteagal 86 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, ar dá bhun a bheidh feidhm cheangailteach ag Gníomh Nós Imeachta ar institiúidí an Chomhphobail Fuinnimh, agus, má fhoráiltear amhlaidh leis an nGníomh Nós Imeachta, ar na Páirtithe.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe le fuinneamh agus ní de chineál fioscach go príomha iad. Dá bhrí sin, is é Airteagal 194(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é Airteagal 194(1) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh agus i mBord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh (Vín, an Ostair, an 12 Nollaig 2024 agus an Aithin, an Ghréig, an 10 Nollaig 2024)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Conradh an Chomhphobail Fuinnimh (‘an Conradh’) a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006[14] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2006.

(2) De bhun Airteagail 47 agus 76 den Chonradh, féadfaidh an Chomhairle Aireachta bearta a ghlacadh i bhfoirm Cinnidh nó Molta.

(3) De bhun Airteagail 60 agus 86 den Chonradh, glacfaidh an Bord Rialála a rialacha nós imeachta inmheánacha trí Ghníomh Nós Imeachta.

(4) Tá an Chomhairle Aireachta, le linn an 22ú seisiún a bheidh aici an 12 Nollaig 2024, le roinnt gníomhartha a ghlacadh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE agus a bhfuil ionadaithe an Aontais le vótáil orthu.

(5) Tá an Bord Rialála, le linn an 59ú seisiún a bheidh aige an 10 Nollaig 2024, le gníomh a ghlacadh a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE agus a bhfuil ionadaithe an Aontais le vótáil orthu.

(6) Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe baint amach chuspóirí an Chonartha a éascú.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta agus sa Bhord Rialála maidir le gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinní 1 agus 2 a shuí, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag na gníomhartha atá beartaithe .

[14] IO L 198, an 20.7.2006, lch. 15.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 22ú seisiún den Chomhairle Aireachta an 12 Nollaig 2024 maidir leis na saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE, is é atá ann glacadh na ngníomhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo a fhormheas.

Airteagal 2

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 59ú seisiún den Bhord Rialála maidir leis na saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE, is é atá ann glacadh an ghnímh a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo a fhormheas.

Airteagal 3

Féadfaidh an Coimisiún teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na gníomhartha a leagtar amach in Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo, i bhfianaise barúlacha ó Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh roimh chruinniú na Comhairle Aireachta nó an Bhoird Rialála, nó ag an gcruinniú sin, gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 4

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán